



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2019*

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar II

200 MARC

Dé Máirt
11 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 11.50

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarthóirí

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

Ceist 1:

LÉAMHTHUISCINT:

A (lch 4 & 5)

agus

B (lch 6 & 7)

Ceist 2:

PRÓS:

AINMNITHE (A) (lch 8)

nó

ROGNACH (B) (lch 9)

Ceist 3:

FILÍOCHT:

AINMNITHE (A) (lch 10 & 11)

nó

ROGNACH (B) (lch 12)

Freagair **A agus B** anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Micheál D. Ó hUiginn

1. Is é Uachtarán na hÉireann ceann stáit Phoblacht na hÉireann. Toghann pobal na hÉireann an tUachtarán. Téarma seacht mbliana in ofig a bhíonn ag an Uachtarán. Tá go leor cumhachtaí ag Uachtarán na hÉireann. Ceapann an tUachtarán an Taoiseach agus na hAirí Rialtais nuair a ainmníonn Dáil Éireann iad. Síníonn sé billí a ritheann Tithe an Oireachtais agus bíonn siad ina ndlí ansin. Is é an tUachtarán atá i gceannas ar fhórsaí cosanta na tíre. Is é Micheál D. Ó hUiginn an naoú hUachtarán ar Éirinn. Bhí bua mór ag Micheál D. Ó hUiginn i dtoghchán na hUachtaránaíochta í mí Dheireadh Fómhair 2018: fuair sé níos mó vótaí céadrogha ná mar a fuair aon duine eile a sheas don Uachtaránacht riabh.
2. Tá na blianta caite ag Micheál D. Ó hUiginn mar ionadaí poiblí. Chaith sé tréimhsí mar chomhairleoir áitiúil, mar Mhéara na Gaillimhe agus mar bhall de Sheanad Éireann. Chaith sé cúig bliana is fiche mar Theachta Dála. Ba é an chéad duine é a bhí mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta nuair a ceapadh é sa bhliain 1993. Mar Aire, bhí sé lárnach i mbunú Theilifís na Gaeilge a tháinig ar an aer ar Oíche Shamhna 1996. Léirigh sé spéis i gcónaí i gcúrsaí sóisialta. Thuill sé cáil in Éirinn agus ar fud an domhain as a chuid oibre ar son chearta an duine agus ar son na siochána.
3. Is é seo an dara téarma ag Micheál D. Ó hUiginn in Áras an Uachtaráin. Déanann an tUachtarán ionadaíocht thar ceann mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear. Téann sé thar lear ar chuaireanna stáit agus ar chuaireanna oifigiúla. Tá na cuaireanna seo tábhachtach mar láidríonn an tUachtarán an caidreamh idir Éirinn agus tíortha eile agus buaileann sé le muintir na hÉireann ar fud an domhain. Bíonn an tUachtarán ina ionadaí thar ceann an náisiúin ag ócайдí cuimhneacháin. Chomh maith leis sin, tugann an tUachtarán tacaíocht d'imeachtaí agus d'ócайдí ar fud na tíre. Is minic a osclaíonn an tUachtarán Ó hUiginn 'Taispeántas an Eolaí Óig agus na Teicneolaíochta'. Molann an tUachtarán an taispeántas bliantúil seo as an spreagadh a thugann sé do dhaoine óga a suim san eolaíocht a fhorbairt.
4. Cuireann an tUachtarán Ó hUiginn fáilte roimh chuairteoirí ón tir seo agus ó thíortha thar lear chuig Áras an Uachtaráin. Is minic a thugann laochra spóirt cuairt air. Creideann an tUachtarán Ó hUiginn gur eiseamláirí tábhachtacha do dhaoine óga iad na laochra spóirt agus gur cóir éachtaí na laochra sin a cheiliúradh. Eagraíonn an tUachtarán cóisírí gaídín gach bliain chun comóradh a dhéanamh ar na daoine agus ar na heagrais atá ag obair chun saol níos fearr a chruthú in Éirinn. I mí an Mheithimh 2016, d'eagraigh an tUachtarán cóisir dar teideal 'Gaeilge sa Ghairdín'. Lá mór a bhí ann chun an teanga agus an cultúr náisiúnta a cheiliúradh.
5. Ar an oíche ar insealbhaíodh Micheál D. Ó hUiginn i gCaisleán Bhaile Átha Cliath don dara téarma mar Uachtarán, gheall sé go ndéanfadh sé a dhícheall a bheith ina Uachtarán ar phobal uile na tíre seo. Is é an fhís atá aige d'Éirinn sna seacht mbliana atá

romhainn amach ná go mbeadh pobal na hÉireann ag obair as lámha a chéile agus go mbeadh meas ag gach duine ar a chéile. In agallamh ar an gclár raidió *Bláthnaid Libh* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta i mí na Nollag seo caite, labhair an tUachtarán Ó hUiginn faoi chúrsaí sa tir a chuireann imní air. Is é an rud is mó a ghoilleann air faoi láthair ná an méid daoine a bhfuil easpa tithíochta orthu agus a chodlaíonn ar na sráideanna. Tá dóchas aige go réiteofar an fhadhb seo gan mhoill.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla



1. (a) Scríobh síos **dhá** chumhacht atá ag Uachtarán na hÉireann. (Alt 1)
(b) Cén bua mór a bhí ag Micheál D. Ó hUiginn i dtoghchán na hUachtaránachta i mí Dheireadh Fómhair 2018? (Alt 1)
(10 marc)
2. (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi Mhicheál D. Ó hUiginn mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta. (Alt 2)
(b) Conas a thuill Micheál D. Ó hUiginn cáil in Éirinn agus ar fud an domhain? (Alt 2)
(10 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil na cuairteanna stáit agus na cuairteanna oifigiúla a dhéanann an tUachtarán thar lear tábhachtach. (Alt 3)
(b) Cén fáth a molann an tUachtarán Ó hUiginn ‘Taispeántas an Eolaí Óig agus na Teicneolaíochta’? (Alt 3)
(10 marc)
4. (a) Luaigh **dhá** rud a chreideann an tUachtarán Ó hUiginn faoi na laochra spóirt. (Alt 4)
(b) Cén fáth a n-eagraíonn an tUachtarán cóisirí gairdín gach bliain? (Alt 4)
(10 marc)
5. (a) Cén fhís atá ag an Uachtarán Ó hUiginn d’Éirinn sna seacht mbliana atá romhainn amach? (Alt 5)
(b) Cén rud is mó a ghoilleann ar an Uachtarán Ó hUiginn faoi láthair? (Alt 5)
(10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Oireachtas na Samhna - Príomhfhéile na nGael

1. Téann traidisiún an Oireachtais siar go dtí an bhliain 1897. Conradh na Gaeilge a d'eagraigh céadfhéile an Oireachtais chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bhí níos mó ná míle duine i láthair ag an bhféile. Bhí naoi gcomórtas ar siúl don filíocht, don phrós, d'amhráin nua agus don reacaireacht. Bronnadh na duaiseanna ar na buaiteoirí ag ceolchoirm na féile an oíche sin. D'fhás féile an Oireachtais le himeacht na mblianta. Is é Oireachtas na Samhna príomhfhéile na nGael le blianta beaga anuas. Tagann pobal na Gaeilge le chéile ag Oireachtas na Samhna chun páirt a ghlacadh sna comórtais agus chun sult a bhaint as an réimse mór imeachtaí sóisialta a bhíonn ar siúl freisin.
2. Bíonn a lán comórtas éagsúil do dhaoine fásta agus do dhaoine óga ar siúl le linn Oireachtas na Samhna: sa rince, san amhránaíocht, sa drámaíocht agus sa scéalaíocht. Is é Corn Uí Riada príomhchomórtas an Oireachtais. Comórtas amhránaíochta ar an sean-nós atá ann agus is é an gradam is airde san amhránaíocht ar an sean-nós é. Bronntar na duaiseanna do Chomórtais Liteartha an Oireachtais ag Oireachtas na Samhna freisin. Tá na comórtais liteartha tábhachtach mar spreagann siad scríbhneoirí nua le dul i mbun pinn agus, chomh maith leis sin, tugann siad aitheantas do na scríbhneoirí agus do na foilsitheoirí go léir atá ag plé le litríocht na Gaeilge.
3. Bronntar Gradaim Chumarsáide ar phearsana raidió agus teilifíse gach bliain as a gcuid oibre sna meáin chumarsáide Ghaeilge. Bhuaigh Helen Ní Shé an gradam 'Pearsa Raidió na Blíana' anuraidh. Is láithreoir í Helen Ní Shé ar an irischlár *An Saol ó Dheas* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

- Tugann Helen Ní Shé cuntas ar imeachtaí i gceantair Ghaeltachta na Mumhan agus cuireann sí agallamh ar aíonna faoi go leor ábhar éagsúil ar an irischlár sin. Bronnadh an gradam 'Pearsa Teilifíse na Blíana' ar Chaitlín Nic Aoidh as Cloich Chionnaola i nGaeltacht Thír Chonaill. Cuireann Caitlín an aimsir i láthair ar an gclár *An Aimsir Láithreach* ar TG4.
4. Bíonn duaiseanna ann do chláir theilifíse agus do scannán Ghaeilge. In 2018, bhuaigh *Camino an tSáile* an gradam do shraith theilifíse na bliana. Ceithre chlár ar fad atá sa tsraith seo faoi chúigear fear a rinne turas farraige ó Bhaile Átha Cliath go Santiago de Compostela in iarthuaisceart na Spáinne. Is turas dhá mhíle cúig chéad ciliméadar é agus rinne siad an turas i naomhóg, bád beag adhmaid. Tugtar léargas in *Camino an tSáile* ar na huaireanta fada a chaith na fir ag rámhaíocht. Ar an scannán *Song of Granite* a bronnadh an gradam do Scannán na Blíana. Is scannán é seo faoi Joe Éinniu, an t-amhránaí cáiliúil sean-nóis as Carna, Contae na Gaillimhe. Sa scannán, tugtar cuntas dúinn ar an tionchar a bhí ag an gceol agus ag na hamhráin ar Joe agus é ag fás aníos i gCarna. Tá cur síos ann freisin ar shaol Joe mar imirceach i nGlaschú agus i Nua-Eabhrac.
 5. Bíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4 agus meáin Ghaeilge eile i láthair ag Oireachtas na Samhna chun cuid mhór d'imeachtaí na féile a chraoladh beo. Chomh maith leis na comórtais éagsúla, bíonn seisiúin eolais, léachtaí, ceardlanna agus ceolchoirmeacha ar siúl ag an bhféile gach bliain. Seoltar leabhair agus dlúthdhioscaí ag an bhféile. Lainseáladh aip de chuid TG4, MOLSCÉAL, anuraidh. Cuireann an aip sin scéalta físe ar fáil trí mheán na Gaeilge. Scéalta nuacha,

siamsaíochta agus spóirt is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip. Tá pobal na Gaeilge ag súil cheana féin le hOireachtas na Samhna, a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath i mbliana.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla



1. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi chéadfhéile an Oireachtais sa bhliain 1897. (Alt 1)
(b) Scríobh síos an **dá** chúis a dtagann pobal na Gaeilge le chéile ag Oireachtas na Samhna. (Alt 1)
(10 marc)
2. (a) Luaign **dhá** phíosa eolais faoi chomórtais Chorn Uí Riada. (Alt 2)
(b) Cén fáth a bhfuil na comórtais liteartha tábhachtach? (Alt 2)
(10 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** rud a dhéanann Helen Ní Shé mar láithreoir ar an irischlár, *An Saol ó Dheas*. (Alt 3)
(b) Cén obair a dhéanann Caitlín Nic Aoidh ar TG4? (Alt 3)
(10 marc)
4. (a) Scríobh síos **dhá** rud faoin turas farraige a rinne an cúigear fear sa tsraith theilifíse, *Camino an tSáile*. (Alt 4)
(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin scannán *Song of Granite*. (Alt 4)
(10 marc)
5. (a) Cén fáth a mbíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4 agus meáin Ghaeilge eile i láthair ag Oireachtas na Samhna? (Alt 5)
(b) Cad a chuireann an aip de chuid TG4, MOLSCÉAL, ar fáil? (Alt 5)
(10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Rognach).

A	– PRÓS AINMNITHE –	(50 marc)
---	--------------------	-----------

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

(a) Hurlamaboc

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

- (i) Scríobh síos **dhá** rud faoi Ruán, mac Lisín.
- (ii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir.
- (iii) Scríobh síos **dhá** shlí a ndearna Pól a chuid airgid.
- (iv) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige.
- (v) ‘Bhí Lisín gnóthach, ina ball de mhórán eagraíochtaí agus clubanna.’
Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin gcuid sin de shaol Lisín.

(25 marc)

(b) Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.

Cáca Milis

Tá Catherine ina suí sa charráiste traenach nuair a shuíonn an fear dall, Paul, os a comhair amach sa scannán *Cáca Milis*.

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn ón uair a shuíonn Paul os comhair Catherine go dtí deireadh an scannáin.

(25 marc)

NÓ

An Lasair Choille

Tá dhá bhliain déag caite ag Séamas ag tabhairt aire do Mhicil, an seanfhear, sa dráma *An Lasair Choille*.

Tabhair cuntas ar an gcineál saoil atá ag Séamas agus é ag tabhairt aire do Mhicil.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Rognach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is tábhactaí sa ghiota. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghiota.

(23 marc)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

- (b) Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an scannán sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

NÓ

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Rognach).

A**– FILÍOCHT AINMNITHE –****(50 marc)**

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) An Spailpín Fánach

- (i) Déan cur síos, i **d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den spailpín a thugann an file dúinn i véarsa a haon, línte 1-4, den dán seo. (Is leor **dhá** phointe eolais.)
(8 marc)
- (ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, i **d'fhocail féin**, faoin spailpín agus é ‘ar mhargadh na saoire’ i véarsa a trí.
(8 marc)
- (iii) An bhfuil trua agat don spailpín sa dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)
(9 marc)

An Spailpín Fánach

1. Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad fees ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa thír seo, an spailpín fánach.
2. Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'
3. Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tiocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

(b) Colscaradh

- (i) Inis i d'fhocail féin, cén saghas duine é an fear sa dán. (Is leor dhá phointe eolais.)
(8 marc)
- (ii) Scríobh síos, i d'fhocail féin, na príomhsmaointe atá i véarsa a dó.
(Is leor dhá phointe eolais.)
(8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.)
(9 marc)

Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is geann
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtóigáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

- (ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán? Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin, **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

- (b) (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

- (ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)